



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

census
2011
RESULTS
www.cso.ie

Preas Ráiteas **Press Statement**

Torthaí Daonáirimh 2011

Daoine gan dídean in Éirinn, tuarascáil daonáirimh speisialta

Inniu d'eisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh tuarascáil daonáirimh speisialta ar dhaoine gan dídean in Éirinn ina léirítear inti go raibh 3,808 duine ag codladh amuigh nó i gcóiríocht sainithe do dhaoine gan dídean ar oíche an 10^ú Aibreán 2011. Ón méid sin fir ba ea 2,539 díobh agus mná ba ea 1,269 díobh.

Aithníodh daoine a bheith gan dídean bunaithe ar cá háit a bhí siad Oíche an Daonáirimh seachas trí fhéinaithint, cur chuige a comhaontaíodh roimh ré leis na príomhpháirtithe leasmhara. Léirítear sa tuarascáil go raibh 64 duine ag codladh amuigh ar an Domhnach 10^ú Aibreán, le 3,744 duine breise i gcóiríocht do dhaoine gan dídean.

Deirdre Cullen, Staitisteoir Sinsearach leis an CSO: “Mar chuid de Dhaonáireamh 2011, comhraíodh líon na ndaoine a chaith oíche an 10^ú Aibreán 2011 ag codladh amuigh nó i gcóiríocht mar fhoscadh do dhaoine gan dídean. Ba í seo an chéad uair ar glacadh le cur chuige chomh cuimsitheach i ndáil le daoine gan dídean in Éirinn a aithint mar chuid den daonáireamh agus tháinig sé i gcrích de bharr an chomhoibríthe láidir i measc gach príomhpháirtí leasmhar ag obair i réimse na heaspa dídine in Éirinn. Ba mhaith leis an CSO buíochas ar leith a ghabháil le Feidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath as ucht a gcuid cabhrach i ndáil le daoine ag codladh amuigh i mBaile Átha Cliath ar Oíche an Daonáirimh, a chomhaireamh ar ár son.”

Déantar iniúchadh sa tuarascáil ar dhaonra na ndaoine gan dídean ar fud raon athróga mar aois, inscne, stádas pósta, sláinte i gcoitinne agus míchumas. Soláthraíonn sí torthaí i ndáil le leibhéal oideachais agus stádas eacnamaíoch dhaoine gan dídean freisin, chomh maith le heolas ar theaghlaih iomlána a bhí gan dídean ar oíche an daonáirimh.

Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ar shuíomh gréasáin an CSO ag www.cso.ie/census.

Buaicphointí na tuarascála

Cóiríocht

Ón 3,808 duine a bhí i gcóiríocht do dhaoine gan dídean, bhí 1,648 díobh nó 43.3 faoin gcéad i gcóiríocht Éigeandála.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 498 4000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
Ireland

Dublin Office
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NII)



+353 21 453 5000
+353 21 453 5555
information@cs0.ie
www.cso.ie

Aois, stádas pósta agus teaghlaigh

Áiríodh 457 leanbh d'aois 14 agus níos óige i gcomhaireamh na ndaoine gan dídean, líon arbh ionann agus 12 faoin gcéad den iomlán.

I measc an daonra gan dídean d'aois 15 agus níos sine, bhí 16.7 faoin gcéad acu scartha nó colscartha, figiúr i bhfad níos airde ná an figiúr coibhéseach de 6 faoin gcéad don daonra i gcoitinne.

Áiríodh 296 aonad teaghlaigh i gcomhaireamh na ndaoine gan dídean, méid arbh ionann agus 905 duine.

Stádas eacnamaíoch

Léirigh leath acu sin d'aois 15 nó níos sine, 1,660 duine, go raibh siad sa lucht saothair. Ón méid sin bhí 274 díobh ag obair agus bhí 1,386 díobh ag cuardach a gcéad post nó bhí siad dífhostaithe, méid arbh ionann agus 84 faoin gcéad den ghrúpa.

Leibhéal oideachais

Ní raibh cáilíocht oideachais níos airde ná leibhéal na bunscoile ag duine as gach ceathrar gan dídean d'aoiseanna idir 15 agus 59, i gcomparáid le hocht faoin gcéad den daonra i gcoitinne san aoisghrúpa céanna.

Bhí 1,439 duine gan dídean ann nach raibh cáilíocht oideachais níos airde ná leibhéal íseal meánscoile acu, figiúr arbh ionann agus 48.5 faoin gcéad den daonra gan dídean d'aoiseanna idir 15 agus 59, i gcomparáid le duine as gach ceathrar den daonra i gcoitinne san aoisghrúpa seo.

Sláinte agus Míchumas

Léirigh os cionn aon trian den daonra gan dídean go raibh a sláinte i gcoitinne 'Measartha', 'Olc' nó 'An-olc' i gcomparáid le 10 faoin gcéad den phobal i gcoitinne.

In iomlán bhí 1,581 duine gan dídean faoi mhíchumas, figiúr arbh ionann agus 42 faoin gcéad den iomlán, ráta a bhí an-suntasach i gcomparáid leis an ráta 13 faoin gcéad don daonra i gcoitinne.

Ba ea riocht síceolaíoch nó mothúcháinach an míchumas ba choitinne i measc an daonra gan dídean le nach mór duine as gach cúigear ag cur in iúl go raibh míchumas sa chatagóir seo acu.

Le haghaidh cóipeanna den fhoilseachán:

Chun féachaint ar an bhfoilseachán agus é a íoslódáil, tabhair cuairt ar shuíomh Gréasáin an CSO ag www.cso.ie/census.

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le:

Cormac Halpin on (01) 895 1355.

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Shoird, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
Fiosrúcháin Daonáirimh: (01) 895 1460

Facs: (01) 895 1399

R-phost: census@cso.ie

Idirlíon: www.cso.ie